

Fís 06 - Agallaimh le ‘Nuachaintoírí’ ón gCatalóin go dtí an Clár

Gníomhaíocht 1 – Meaitsáil:

- Déan iarracht na leaganacha Gaeilge agus Béarla thíos a mheaitseáil le chéile.
- Déan do fhreagraí a roinnt leis an duine in aice leat.
- Féach/Éist leis an mír físe agus féachaigí ar na freagraí arís.

taighde	independence
pleanáil	centre
inimircigh	bout/turn
tráthúil	research
croílár	crisis
bacanna	immigrants
babhta	opportunity
deis	timely
géarchéim	planning
neamhspleáchas	barriers

Gníomhaíocht 2 – Ceisteanna Ginearálta::

- Féach/Éist leis an mír físe faoi dhó agus déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.
 - Déan do fhreagraí a roinnt leis an duine in aice leat.
1. Cá raibh an chomhdháil seo ar siúl?
 2. Cá raibh an cruinniú deireanach ar siúl?
 3. Cé mhéad uair sa bhliain a mbíonn cruinniú acu?
 4. Cad a bhí á bplé acu go dtí seo?
 5. Cad atá muintir na Catalóine ag iarraidh a dhéanamh faoi láthair?

Gníomhaíocht 3 – Líon na Bearnaí:

Féach/Éist leis an mír físe arís agus déan iarracht na bearnaí seo a líonadh.

Bhí an cruinniú _____ sa Ghailís in _____ na Spáinne.

Chun an _____ eile den taighde _____.

Nuachaintoírí _____, nuachaintoírí _____ iad agus nuachaintoírí a bhíonn ag trasnú _____ chun dul ag obair.

Má _____ ar an ngéarchéim atá ag titim amach i _____ faoi láthair.

Beidh ar na daoine sin ar fad teangacha nua _____.